

Treoirlínte Chiste um Chomhfhorbairt Áite Bhaile Brigín 2020

LÉIGH NA TREOIRLÍNTE SEO A LEANAS GO CÚRAMACH SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM IARRATAIS.

1. Réamhrá

Tá Ciste um Chomhfhorbairt Áite bunaithe ag Oifig Athnuachana Ár mBaile Brigín Chomhairle Contae

Fhine Gall. Tá an ciste bunaithe chun tacú le huaimhian agus le tallann áitiúil i mBaile Brigín ionas gur áit níos fearr fós é Baile Brigín le cónaí ann, le bheith ag obair ann agus ag spraoi ann.

Is cur chuige ilghnéitheach é Comhfhorbairt Áite maidir le pleanáil, dearadh agus bainistiú spásanna poiblí. Baineann Comhfhorbairt Áite tairbhe as sócmhainní, inspioráid, agus poitéinseal pobal áitiúil, agus is é an aidhm atá leis spásanna poiblí a chruthú a chuireann sláinte, sonas, agus folláine daoine chun cinn.

Seo a leanas na haidhmeanna atá leis an gciste um chomhfhorbairt áite:

- Timpeallacht fhisiciúil an cheantair áitiúil a fheabhsú
- Timpeallacht fhisiciúil agus thógtha níos inrochtaine a chumasú
- Croílár Bhaile Brigín a fheabhsú trí ealaíona agus cultúr
- Braistint chómhuintearais a chruthú
- Cur le deiseanna chun naisc shóisialta a chruthú
- Tacú le gníomhaíochtaí nua in áiteanna poiblí
- An pobal a neartú trí scileanna nua a fhoghlaim
- Deiseanna le haghaidh stíl mhaireachtála níos sláintiúla a chruthú.

2. Cé atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh?

- Grúpaí Pobail & Deonacha
- Gnóthaí & Grúpaí Gnó
- Clubanna & Cumainn
- Fiontair Ealaíon & Cultúir & Eagraíochtaí nó Daoine Aonair

3. Céard iad na tionscadail atá incháilithe chun maoiniú a fháil?

3a. Céard iad na tionscadail atá incháilithe chun maoiniú a fháil?

- Imeachtaí uathúla a bheadh mar bhonn le líon na gcustaiméirí/ beocht ar na sráideanna a mhéadú.
- Tionscadail Chomhshaoil/Tionscadail Ghlasaithe/Plandú Uirbeach
- Soilsiú Atmaisféarach
- Ealaín Phoiblí/Múrphictiúir/Ealaín Sráide
- Suíocháin Chruthaitheacha/Áiteanna le Bualadh le Daoine/Spásanna chun Scíth a Ligean
- Páircíní / Imeachtaí Uathúla & Spásanna Spraoi a chruthú
- Tionscadail eile a chuirfidh le heispéireas cónaitheoirí/cuairteoirí ar Bhaile Brigín

3b. Céard nach bhfuil incháilithe chun maoiniú a fháil?

- Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe chun maoiniú a fháil:
- Aon tionscadal nach bhfuil ag teacht le héiteas an Chláir
- Aon chostais laethúla (i.e. costais reatha nó oibriúcháin)
- Costais fostaíochta
- Gnáthchothabháil, miondeisiúchán nó costais leanúnacha eile (mar shampla, *athsholáthar scagairí nó bolgán solais, péinteáil, miondeisiúchán comhpháirteanna nó míreanna faoi réir caithimh agus cuimilte, etc.*)
- Táillí dlí
- Táillí bainistíochta tionscadail
- Ceannach tailte nó foirgneamh
- Staidéir féidearthachta
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála

4. Ceanglais an Chláir

Baineann na coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal. Ag brath ar nádúr do thionscadail (agus an grúpa a bhfuil iarratas á dhéanamh aige), d'fhéadfadh go mbeadh ceanglais bhreise le comhlíonadh.

Ceanglais Chánach

Ní gá go mbeadh an grúpa/an eagraíocht is iarratasóir cláraithe chun críche cánach.

Ní mór go mbeadh aon ghrúpa/aon eagraíocht is iarratasóir chun críche cánach cáin-chomhlíontach. Ar aon dul le nósanna athbhreithnithe imréitigh cánach, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus an uimhir Thagartha Cánach a chur ar fáil chun críche fíoraithe.

Toilithe Reachtacha - Ní mór go mbeadh aon cheadanna, toilithe nó ceadúnais riachtanacha chun an tionscadal a sholáthar faighte, ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil gach cead nó toiliú reachtach faighte sula gcuirtear tús le haon oibreacha. Áirítear anseo ach níl sé teoranta do chead pleanála.

Árachas - Árachas agus dliteanas poiblí a bheith ag duine chun an tionscadal a sheachadadh más infheidhme, Fianaise i scríbhinn a bheith agat de pholasaí árachais bhailí a d'fhéadfadh an Chomhairle a lorg, más cuí, i rith phróiseas athbhreithnithe na n-iarratas.

Maoiniú a admháil - Mar gheall ar luach cuid de na deontais seo, ní bheadh sé costéifeachtach a cheangal go mbeadh Plean Ár mBaile Brigín nó Comhairle Contae Fhine Gall á n-admháil ar chomharthaíocht. Glacfar le hadmhálacha oiriúnacha eile e.g. suíomh gréasáin grúpa/eagraíochta nó ardáin meán sóisialta. Sa chás go bhforbraítear comharthaíocht ba cheart an cúnamh a thug Ár mBaile Brigín agus an chomhairle a admháil.

Maoiniú-meaitseála - ní ceanglas é seo faoin gclár seo.

Sláinte & Sábháilteacht -Ba cheart aon rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh

5. Critéir Roghnúcháin

Déanann painéal comhairleach ar a bhfuil comhaltaí d'Fhoireann Ár mBaile Brigín, Oifig Chomhairle Contae Fhine Gall agus aon duine cuí/ábhartha eile a bhféadfadh a gcuid saineolais a bheith ag teastáil gach iarratas a athbhreithniú de réir na gcritéir roghnúcháin. Ní mór go mbeadh éiteas an chiste á chomhlíonadh ag gach iarratas, is é sin tacú le huaimhian agus le tallann áitiúil i mBaile Brigín lena chinntiú gur áit níos fearr fós é Baile Brigín le cónaí ann, le bheith ag obair ann agus ag spraoi ann.

Déanfar tionscadail a mheas ag féachaint do na critéir seo a leanas:

- Fianaise ar an ngá atá leis an tionscadal i mBaile Brigín agus conas a chuirfidh sé lenár n-aidhm fhoriomlán.

- Fianaise ar Rannpháirtíocht an Phobail nó Gnó agus tacaíocht don tionscadal.
- Fianaise ar thionscadal dea-chostáilte agus dea-ullmhaithe.
- Fianaise ar inbhuanaitheacht an tionscadail nuair a bheidh sé curtha i gcrích.
- Caighdeán na n-ealaíontóirí, gairmithe ealaíon nó dearaidh, eagraíochtaí ealaíon, saothar ealaíne, nó seirbhísí a bheidh san áireamh sa tionscadal
- An poitéinseal torthaí áitiúla geilleagracha, fisiciúla, agus sóisialta a fheabhsú trí:
 - Fuinneamh, acmhainní, gníomhaíocht, daoine, nó díograis nua nó bhreise a bhunú in áit, ábhar pobail, nó geilleagar áitiúil,
 - Pobail, daoine, áiteanna, agus deis gheilleagrach a nascadh trí spásanna fisiciúla nó caidreamh nua.
 - An poitéinseal an bhonnraith a leagan le haghaidh athruithe córasacha a chothaíonn comhtháthú na n-ealaíon, an chultúir, agus an dearaidh i straitéisí chun pobail a neartú
- Más cuí, an poitéinseal dul i bhfeidhm ar dhaonraí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu cosúil le daonraí nach bhfuil ach deiseanna teoranta acu na healaíona a bhlaiseadh
- An cumas an tionscadal a chur i gcrích bunaithe ar fhachtóirí cosúil le hoiriúnacht an bhuiséid, caighdeán agus soiléire chuspóirí agus dhearadh an tionscadail, na hacmhainní i gceist, agus cáilíochtaí phearsanra an tionscadail.

D'fhéadfaí tionscadail a mheas ag féachaint do chritéir bhreise arna meas atá oiriúnach dar le Foireann Ár mBaile Brigín a léiríonn luach breise an tionscadail nó gné de thionscadail trí dhéileáil go cuí le haidhmeanna na gcistí,

6. Rialachas Corparáideach

Monatóireacht:

Ceanglófar ar dheontuithe an caighdeán trédhearcachta agus cuntasachta is airde a chomhlíonadh.

7. Nósanna Imeachta Faofa

Déanfar gach iarratas ar mhaoiniú a fhaightear faoin gclár seo a athbhreithniú agus a mheas chun comhsheasmhacht leis na critéir ábhartha arna leagan amach thuas a chinntiú.

Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le leithdháiltí deiridh maoinithe do thionscadail, d'fhéadfadh foireann Ár mBaile Brigín roinnt fachtóirí a chur san áireamh lena n-áirítear cothromaíocht gheografach agus an inmhianaitheacht éagsúlacht tionscadal difriúil a mhaoiniú.

I ndiaidh cinneadh a dhéanamh, gheobhaidh gach tionscadal faofa, faoi réir foirmiúlachtaí dlí agus ceanglais eile a chur i gcrích, tairiscint i bprionsabal ar chúnamh deontais. Beidh sé seo faoi réir na gcoinníollacha ábhartha a chomhlíonadh agus glacadh sásúil an iarratasóra leis an tairiscint sin.

Tá an ceart chun na cistí tairgthe a athshannadh do thionscadal faofa eile á choimeád mura gcomhlíontar na ceanglais ar fad laistigh de thréimhse réasúnta.

Coimeádann an Roinn agus/nó Údarás Áitiúil an ceart iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas nó cigreachtaí a reáchtáil ó am go ham.

Tabhair faoi deara:

Go hiondúil, sáraíonn na hiarratais ar chúnamh na cistí atá ar fáil agus, dá réir sin, is den tábhacht é go bhfuil an próiseas meastóireachta dian. Is é cuspóir an phróisis seo a chinntiú go dtagann agus go bhfaigheann na tionscadail is fearr, ag cur gach fachtóir san áireamh, tacaíocht. Is é polasaí na Roinne a chinntiú go gcaitear go cothrom agus go neamhchlaonta le gach iarratas.

D'fhéadfadh go mbeadh tairiscintí maoinithe níos lú ná an méid a lorg an t-iarratasóir. Ba cheart d'iarratasóirí a thuiscint go bhféadfadh ró-éileamh a bheith ar an gClár. Dá réir sin, in imthosca dá leithéid, ní gá go n-éireodh le gach iarratas ag a bhfuil na coinníollacha á gcomhlíonadh nó d'fhéadfadh go mbeadh méid níos lú airgid ar fáil.

Le linn d'fhoireann Ár mBaile Brigín tograí faighte a mheas d'fhéadfaí comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus eolas maidir le tionscadail atá á meas a nochtadh do na saineolaithe agus do na gníomhaireachtaí sin.

8. Ginearálta

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an t-eolas atá curtha ar fáil sa doiciméad seo tuiscint d'iarratasóirí ar an bpróiseas trína ndéantar iarratais ar mhaoiniú a mheas agus a fhaomhadh agus ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlí atá ann.

Cuairteanna Suímh

D'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil agus foireann Thionscadal Ár mBaile Brigín tabhairt faoi chuairteanna suímh neamhfhógartha chun comhlíontacht le téarmaí agus coinníollacha an Chláir a fhíorú.

D'fhéadfaí tuilleadh eolais a lorg

Coimeádann an t-údarás Áitiúil agus foireann Ár mBaile Brigín an ceart tuilleadh eolais a lorg uait chun d'iarratas a mheas más gá.

Úsáid eolais

Úsáidfean an t-eolas a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm chun críche an phróisis deontais a mheas agus a riar, agus chun iniúchtaí ar shaoráidí a dhéanamh agus aon chuaipteanna suímh. Nuair a bhíonn na hiarratais faighte á meas d'fhéadfadh foireann Ár mBaile Brigín comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus eolas maidir le tionscadail atá á meas a nochtadh do na saineolaithe agus do na gníomhaireachtaí sin.

Eile

- Má bhaineann an t-iarratas maoinithe le gné amháin de thionscadal, ceanglófar ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar maidir le hinfhaighteacht iarmhéid an mhaoinithe don ghné ar leith sin den tionscadal sin.
- Níl aon teorainn le líon na n-iarratas do thionscadail dhifriúla ó aon eagraíocht. Ba cheart go dtuigfeadh iarratasóirí, áfach, go nglacfaidh tionscadal Ár mBaile Brigín le cur chuige cothromais/cothroime chun dáileadh cothrom maoinithe a chinntiú.
- Is iad riarthóirí/an comhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár maoinithe eile lena chinntiú nach dtagann úsáid an Chláir seo chun tionscadal a chómhaoiniú salach ar rialacha na scéime/an chláir eile.
- Ní íocfar CBL ach amháin sa chás go bhfuil sé san áireamh i méid an iarratais. Ní ghlacfar le haon iarratais eile ar íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí CBL.

9. Conas iarratas a dhéanamh

Foirm iarratais

Tá an fhoirm iarratais mionsonraithe agus deartha lena chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach curtha ar fáil chun gach togra a mheas go beacht agus go cothrom. **Cinntigh go gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais ina hiomláine agus go gcuirtear aon doiciméid atá ag tacú le d'iarratas ar fáil i dteannta le d'iarratas.**

Ní ghlacfar leis go bhfuil ach tionscadail a chomhlíonann na critéir thuasluaite incháilithe.

TABHAIR FAOI DEARA, NACH MEASFAR IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA NÓ IARRATAIS DHÉANACHA.

Caitear go dáiríre le heolas falsa nó míthreorach a chur ar fáil ag céim ar bith. D'fhéadfadh go mbeadh aon eagraíocht nach bhfuil téarmaí agus coinníollacha an Chláir á gcomhlíonadh aici faoi réir iniúchta, go mbeadh a deontais á n-aistarraingt, go gceanglófaí orthu deontas iomlán nó cuid de dheontas a aisíoc agus/nó go gcuirfí cosc orthu ó iarratais a dhéanamh ar feadh tréimhse ama. Cuirfean gach sárú tromchúiseach ar théarmaí agus ar choinníollacha an Chláir in iúl do An Garda Síochána.

- 1. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ag <https://submit.link/kS5qj>**

2. Ba cheart larratais ar Pháipéar a sheoladh chuig:

Ciste um Chomhfhorbairt Áite Bhaile Brigín 2020

Our Balbriggan, Georges Square, Balbriggan, Co. Dublin, K32 HK25
Ár mBaile Brigín, 1 Cearnóg Sheoirse, Baile Brigín, Baile Átha Cliath, K32 HK25

3. Nó seoladh ríomhphost chuig: ourbalbriggan@fingal.ie

Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig: ourbalbriggan@fingal.ie